Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2022
(OR. en)

14862/22

LIMITE

JAI 1481
ENFOPOL 567
CRIMORG 161
IXIM 264
DATAPROTECT 319
CYBER 371
COPEN 393
FREMP 241
TELECOM 467
COMPET 910
MI 836
CONSOM 299
DIGIT 210
CODEC 1765

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0155(COD)

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14143/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 209 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 11 Bealtaine 2022, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac[1]. Bhí measúnú tionchair agus teachtaireacht ag gabháil leis an togra[2].

[1] 9068/22.
[2] 9068/22 ADD 1, ADD 2 agus ADD 3; 9071/22.

2. Tá sé beartaithe leis an togra, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar úsáid seirbhísí ar líne chun críche mí-úsáid ghnéasach leanaí. Tá dhá phríomhbhloc tógála ann. Ar an gcéad dul síos, bheadh sé d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse ábhartha ar líne, ar nós soláthraithe seirbhísí óstála agus seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, idir aitheanta agus nua, a bhrath, a thuairisciú, a bhaint nó a bhlocáil, chomh maith le sirtheoireacht leanaí a bhrath agus a thuairisciú ('mealltóireacht'). Ar an dara dul síos, bhunófaí gníomhaireacht dhíláraithe nua de chuid an Aontais ('Lárionad an Aontais Eorpaigh') chun cur chun feidhme an Rialacháin atá beartaithe a chumasú in éineacht le líonra d'Údaráis Chomhordúcháin náisiúnta agus údaráis inniúla. Mar a aithnítear sa Mheabhrán Míniúcháin a ghabhann leis an togra, dhéanfadh na bearta atá sa togra difear d'fheidhmiú chearta bunúsacha úsáideoirí na seirbhísí ar líne.

PUBLIC

3. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) an príomhchoiste don chaibidlíocht ar an togra. Cheap sé Javier Zarzalejos (PPE, ES) mar rapóirtéir i mí Dheireadh Fómhair 2022. Idir an dá linn, chinn comhordaitheoirí na Parlaiminte a iarraidh ar Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa measúnú tionchair a ullmhú lena gcumhdófaí raon leathan saincheisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha agus saincheisteanna comhréireachta. Níor ghlac Coiste LIBE a thuarascáil fós.

4. I mí Iúil 2022, ghlac an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) Tuairim Chomhpháirteach 4/2022. Cé go n-aithníonn EDPB agus MECS gur coir an-tromchúiseach í an mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus gur cuspóir leasa ghinearálta, atá aitheanta ag an Aontas, é a chomhrac, cuireann siad i bhfios go láidir nach mór d'aon teorainneacha ar chearta bunúsacha ceanglais Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh. Measann siad go n-ardaíonn an togra ábhair imní thromchúiseacha maidir lena chomhréir atá sé cur isteach ar na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí pearsanta agus iad a theorannú.

5. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh maidir leis an togra i mí Mheán Fómhair 2022. Thacaigh an Coiste le prionsabal an togra agus d'iarr sé feabhsuithe a chur ar an téacs agus é a dhéanamh níos sonraí chun rúndacht comhfhreagrais agus urraim ar phríobháideachas a chosaint.

## II. AN OBAIR I DTIONÓL NA COMHAIRLE

6. Sa Chomhairle, rinne an Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí — Póilíní (LEWP) scrúdú ar an togra. Phléigh an Mheitheal an togra le linn na gcruinnithe a bhí aici an 5 agus an 20 Iúil, an 6 agus an 22 Meán Fómhair, an 5 agus an 19 Deireadh Fómhair agus an 3 agus an 24 Samhain 2022. Scrúdaíodh an togra ina iomláine le linn na gcruinnithe thuasluaite den Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí. Thíolaic an Uachtaránacht roinnt athbhreithnithe ar théacs Chaibidlí I go III, lena dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna seo a leanas: ábhar agus raon feidhme, sainmhínithe, oibleagáidí soláthraithe seirbhísí ar líne agus maoirseacht, forfheidhmiú agus comhar.

PUBLIC

7. Ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag na hAirí Gnóthaí Baile agus ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag COSI i mí Iúil 2022 i bPrág, fuair an Uachtaránacht tacaíocht pholaitiúil ghinearálta don togra, go dtí go ndéanfar scrúdú teicniúil ar leibhéal na Meithle. Chuir an Uachtaránacht i bhfios go láidir go raibh an togra neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus slán i bhfad na haimsire, agus nach mór cothromaíocht a aimsiú idir cosaint leanaí, ar thaobh amháin, agus cosaint príobháideachais agus cearta bunúsacha eile atá ag úsáideoirí seirbhísí ar líne, ar an taobh eile.

8. Thíolaic an Uachtaránacht mórathrú coincheapa maidir le cineálacha orduithe aonair a eisiúint — orduithe braite agus orduithe chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhaint agus a bhlocáil. Tugadh isteach cineál nua ordaithe, an t-ordú díliostaithe, freisin. D'eiseodh údaráis inniúla na mBallstát orduithe bainte, blocála agus díliostaithe as an nua. Ba iad orduithe braite an t-aon ordú amháin a d'eiseodh údarás breithiúnach nó údarás riaracháin neamhspleách eile de chuid Ballstáit toisc gurb é sin an t-ordú is íogaire i ndáil le cur isteach ar chearta bunúsacha úsáideoirí na soláthraithe seirbhísí ábhartha ar líne. Faoin togra ón gCoimisiún, d'eiseodh údarás breithiúnach nó údarás riaracháin neamhspleách eile gach catagóir orduithe. Ar mhaithe le níos mó solúbthachta, cuireadh an chumhacht sin de chúram ar na húdaráis inniúla orduithe a bhaint, a bhlocáil agus a dhíliostú. Go dtí go gcuirfear deireadh leis na forchoimeádais ghrinnscrúdaithe, dealraíonn sé go bhféadfadh tromlach na mBallstát tacú leis an athrú sin toisc go ligfeadh sé dóibh na córais agus na struchtúir a choinneáil atá ann cheana chun mhí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac.

9. Tar éis iarraidh ón Uachtaránacht, d'ullmhaigh an Coimisiún dhá dhoiciméad ina gcuidítear le soiléiriú a dhéanamh ar shaincheisteanna agus ar cheisteanna a tharraing na Ballstáit anuas. Áirítear i ndoiciméad amháin[3] sreabhchairt de phróiseas braite na mí-úsáide gnéasaí leanaí agus anailís chomparáideach ar an reachtaíocht ábhartha (mí-úsáid ghnéasach leanaí, an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, Ábhar Sceimhlitheoireachta ar Líne, RGCS agus an Rialachán Eatramhach). Leagtar amach sa dara doiciméad[4] an caidreamh idir Lárionad nua an Aontais Eorpaigh, na hÚdaráis Chomhordúcháin agus Europol.

10. D'eagraigh an Uachtaránacht dhá cheardlann freisin ina raibh an Coimisiún agus saineolaithe ó na príomhchathracha rannpháirteach, bunaithe ar phlépháipéir agus ar cheisteanna agus iarrataí ó na Ballstáit ar shoiléiriú. Bhí an chéad cheardlann ar siúl an 29 Meán Fómhair agus bhí sé dírithe ar na teicneolaíochtaí arna n-úsáid chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí agus mealltóireacht, idir aitheanta agus nua, a bhrath, agus sa dara ceardlann a bhí ar siúl an 16 Samhain, tugadh aghaidh ar uirlisí fíoraithe aoise. Thug an dá cheardlann deis do na Ballstáit dul níos doimhne sna hábhair ar a dtugtar aghaidh sa togra, agus do shaineolaithe caipitilbhunaithe agus saineolaithe teicniúla idirghníomhaíocht dhíreach a dhéanamh, ag an am céanna. Ba mhór ag na Ballstáit na ceardlanna agus moladh iad as soiléirithe a sholáthar a raibh géarghá leo maidir leis an gcaoi a bhféadfadh cuid de na forálacha atá beartaithe oibriú go praiticiúil agus as indéantacht theicneolaíoch an togra a dhearbhú. A bhuí leis na ceardlanna sin, is cosúil gur féidir mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac. Tá teicneolaíochtaí ann chun ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí aitheanta agus anaithnide a bhrath. Tá an mhealltóireacht níos casta, ach tá teicneolaíocht ag teacht chun cinn i gcónaí. Tá réitigh theicniúla ann freisin chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a bhrath ar líne i gcórais chriptithe inn ar inn, cosúil le hábhar ar thaobh an úsáideora a bhrath roimh an gcriptiú iarbhír. Léiríodh sa dara ceardlann maidir le huirlisí fíoraithe aoise teicnící éagsúla a úsáideann cuideachtaí príobháideacha chun aois úsáideoirí seirbhísí ar líne a shainaithint, chomh maith le teicneolaíochtaí nua atá á bhforbairt.

[3] WK 10409/2022.
[4] WK 13981/2022.



PUBLIC

11. Imeacht tacaíochta eile a d'eagraigh an Uachtaránacht i gcomhar le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún ba ea an scannán faisnéise ón tSeicia dar teideal '*Caught in the Net*' a thaispeáint; bhí plé painéil roimh an scannán ar an topaic a bhain le sirtheoireacht leanaí, inar ghlac ionadaithe ón Uachtaránacht agus léiritheoir an scannáin páirt. Thug an Feisire Hilde Vautmans (Renew/BE) óráid tosaigh. Rinne an Uachtaránacht ionadaíocht ar an gComhairle freisin i roinnt comhdhálacha a bhí dírithe ar an mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac ar nós an Chomhdháil um Shábháilteacht Leanaí Ar Líne 2022 agus imeacht ardleibhéil ar an ábhar '*Conas is féidir linn an teicneolaíocht a úsáid chun sábháilteacht a áirithiú do leanaí ar líne?*' le linn 'Seachtain Feasachta faoin Teicneolaíocht' de chuid Pharlaimint na hEorpa, an chéad cheann riamh.

12. Cé go bhfuil plé fós ar siúl maidir leis an togra sa Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí, sainaithníodh roinnt príomh-shaincheisteanna cheana féin a mbeidh gá le plé níos mionsonraithe ina leith amach anseo:

Caibidil I / Forálacha ginearálta – Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Rinneadh roinnt téarmaí a úsáidtear sa togra a shainmhíniú ar bhealach éagsúil le reachtaíocht ghaolmhar eile de chuid an Aontais, mar shampla an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha nó an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne. Níorbh mhór, dá bhrí sin, cuid sainmhínithe sin a chomhchuibhiú chun comhleanúnachas agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú idir gníomhartha reachtacha aonair. Sa chomhthéacs sin, shoiléirigh an Coimisiún go ngníomhaíonn an togra mar *lex specialis* don Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé gur ghá téarmaí eile a shainmhíniú chun léirmhíniú aonfhoirmeach na bhforálacha atá beartaithe a éascú.

Rinneadh plé tábhachtach maidir leis an sainmhíniú ar 'úsáideoir leanaí', atá nasctha leis an gcion coiriúil a bhaineann le mealltóireacht de réir Threoir 2011/93/AE maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an treoir ag an gCoimisiún faoi láthair, ní mór an chaoi a sainmhínítear aois an toilithe ghnéasaigh sa treoir a mheas agus 'úsáideoir leanaí' á sainmhíniú sa rialachán atá beartaithe.

Athrú tábhachtach eile sa chéad chaibidil seo ba ea sainmhíniú ar 'innill chuardaigh ar líne' a chur isteach tar éis oibleagáidí díliostaithe a chur isteach faoi Chaibidil II.

PUBLIC

Caibidil II / Oibleagáidí ar sholáthraithe sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac

Agus cineálacha orduithe aonair á n-eisiúint chuig soláthraithe seirbhísí ar líne, ba cheart a mheas go cúramach an gá atá le leanaí agus príobháideachas agus cearta bunúsacha eile úsáideoirí seirbhísí ar líne a chosaint. Mar an gcéanna, ní mór cuimhneamh ar obair na n-údarás forfheidhmithe dlí.

Mhol an Uachtaránacht struchtúr an téacs a shimpliú, ionas nach n-eiseoidh údarás breithiúnach nó údarás riaracháin neamhspleách eile ach orduithe braite, agus go mbeidh sé de chumhacht ag údaráis inniúla orduithe bainte, blocála agus díliostaithe a eisiúint.

Go ginearálta, ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an t-athrú sin maidir le horduithe bainte agus orduithe blocála a eisiúint agus maidir le horduithe díliostaithe a chur isteach. Mar sin féin, is gá tuilleadh plé a dhéanamh ar an leibhéal teicniúil maidir leis na saincheisteanna sin ós rud é go bhfuil ábhair imní thábhachtacha fós ag roinnt Ballstát faoin tionchar ar an gceart chun príobháideachais agus cearta bunúsacha eile a chosaint. Leag roinnt Ballstát béim freisin ar chastacht agus fad an nós imeachta maidir le horduithe braite a eisiúint.

Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí an 19 Deireadh Fómhair, chuir Seirbhís Dlí na Comhairle in iúl go n-eiseodh sí tuairim i scríbhinn maidir le comhréireacht na n-orduithe braite.

Caibidil III / Maoirsiú, Forfheidhmiú agus Comhar — Údaráis Chomhordúcháin le haghaidh saincheisteanna mí-úsáide gnéasaí leanaí

Thíolaic an Uachtaránacht dhá thacar de théacsanna comhréitigh maidir leis an gCaibidil seo a bhí dírithe ar na ceanglais maidir le neamhspleáchas a bhí le comhlíonadh ag na hÚdaráis Chomhordúcháin. Bhí forchoimeádas grinnscrúdaithe ag roinnt Ballstát maidir leis an gCaibidil seo i bhfianaise an tionchair thábhachtaigh a d'fhéadfadh a bheith ag na forálacha sin ar struchtúir náisiúnta atá ann cheana. D'aithin siad go raibh na téacsanna comhréitigh ag dul sa treo ceart toisc gur thug siad níos mó solúbthachta do na Ballstáit.

PUBLIC

Ba dhúshlán ar leith do na Ballstáit réitigh éifeachtúla a cheapadh chun Údaráis Chomhordúcháin a bhunú faoin Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne, faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus faoin togra seo ag aon am amháin, agus na ceanglais dá bhforáiltear sna píosaí reachtaíochta sin á gcomhlíonadh acu ag an am céanna.

Pléadh go forleathan an tsaincheist maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a shainaithint agus a thíolacadh ag na hÚdaráis Chomhordúcháin chuig Lárionad an Aontais Eorpaigh tar éis d'údaráis bhreithiúnacha nó údaráis neamhspleácha eile measúnú dícheallach a dhéanamh, mar gur chuir roinnt Ballstát in iúl an baol go mbeadh moilleanna ann agus go mbeadh easpa acmhainní agus saineolais ann.

PUBLIC

Caibidil IV / <u>Lárionad an Aontais Eorpaigh chun mhí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac agus comhar le Europol</u>

Mar a luadh thuas, mhol an Coimisiún gníomhaireacht nua de chuid an Aontais a bhunú, a bheidh lonnaithe sa Háig, i bhfianaise an ghá atá le dlúthchomhar le Europol. D'fhéadfadh Lárionad an Aontais Eorpaigh agus Europol cuid de na costais riaracháin a roinnt, mar shampla acmhainní daonna, cuntasaíocht agus trealamh TF. Faoin togra arna thíolacadh ag an gCoimisiún, ní dhéanfaí difear do phríomhchúraimí agus príomhinniúlachtaí Europol i ndáil le mí-úsáid ghnéasach leanaí.

Cuireadh forchoimeádais ghrinnscrúdaithe ghinearálta isteach i ndáil leis an gCaibidil iomlán; cuireadh forchoimeádais ghrinnscrúdaithe pháirteacha isteach maidir leis an áit a mbeadh Lárionad an Aontais Eorpaigh lonnaithe. Bhain na saincheisteanna agus na ceisteanna is minice a d'ardaigh na Ballstáit i gCaibidil IV leis an mbuiséad, an baol go ndéanfaí dúbailt ar chúraimí Europol, an baol iomaíochta idir Europol agus Lárionad an Aontais Eorpaigh d'fhoireann saineolaithe a bhíonn ag déileáil le mí-úsáid ghnéasach leanaí, easpa aitheantais ar ról na mbeolínte i ndáil le tuairiscí maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a láimhseáil, saincheisteanna cosanta sonraí maidir le próiseáil tuarascálacha faoi mhí-úsáid ghnéasach leanaí ag Lárionad an Aontais Eorpaigh, próiseas Lárionad an Aontais Eorpaigh maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a thuairisciú chuig Europol agus údaráis forfheidhmithe dlí, bunachar sonraí tuairiscí a chruthú ag Lárionad an Aontais Eorpaigh, chomh maith le bunachair sonraí táscairí a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chruthú.

Caibidil V / Bailiú sonraí agus tuairisciú trédhearcachta

Bhí amhras láidir ar na toscaireachtaí i gcás na bhforálacha maidir le bailiú agus tuairisciú sonraí a mheas siad a bheith ródheacair d'údaráis forfheidhmithe dlí. Chuir siad in iúl go mbeidh gá le tuilleadh plé maidir le cé acu an bhfaighidh nó nach bhfaighidh Lárionad an Aontais Eorpaigh sonraí maidir le himeachtaí coiriúla leanúnacha. Chuir na Ballstáit in iúl gur gá sonraí pearsanta a chosaint agus teorainn a chur leis an bhfaisnéis atá le bailiú agus le comhroinnt.

Caibidil VI / Forálacha críochnaitheacha

D'iarr roinnt toscaireachtaí go ndéanfaí dáta cur i bhfeidhm níos déanaí agus go n-aisghairfí Rialachán Eatramhach (AE) 2021/1232 níos déanaí chun bearna a sheachaint idir an brath atá bunaithe ar an Rialachán Eatramhach agus ar an Rialachán atá beartaithe. Go hidéalach, ba cheart go bhfanfadh an dá rialachán i bhfeidhm go comhchéimneach ar feadh tamaill chun an bhearna sin a sheachaint.

## III. CONCLÚID

13. Tá an Uachtaránacht tiomanta d'obair i ndlúthchomhar leis an Uachtaránacht inteachta chun leanúint an phlé sa Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí a éascú agus chun dul chun cinn rianúil ar an gcomhad sa Chomhairle a áirithiú.

14. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an dul chun cinn atá déanta maidir leis an scrúdú ar an Rialachán atá beartaithe a thabhairt dá n-aire.

PUBLIC